



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Friday, 23 July 2021

Award winning Grafton Architects announced as principal design consultants of the €29m Crawford Art Gallery redevelopment project

Taoiseach, Micheál Martin T.D. and Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, Catherine Martin T.D today announced that the contract for the design for the redevelopment at the historic Crawford Art Gallery has been awarded to Grafton Architects.

The overall plan provides for the investment of some €29m in the redevelopment, including design, of the 200-year-old Gallery building over the next four years.

Crawford Art Gallery

Crawford Art Gallery is a National Cultural Institution, located in the heart of Cork city and dedicated to the visual arts, both historic and contemporary. The collection comprises over 3,000 works, ranging from eighteenth-century Irish and European painting and sculpture, through to contemporary video installations. It has over 260,000 visitors per year.

Crawford Art Gallery is located in an important historic building, parts of which date back to the early eighteenth century. The building needs significant enhancement to meet the evolving demands of a dynamic National Cultural Institution.

Project Ireland 2040

Through Project Ireland 2040, the Government is investing €460 million in Ireland's National Cultural Institutions to revamp and modernise their facilities both in terms of visitor experience and storage of the national collections.

The Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, Catherine Martin T.D approved last September the business plan for the Crawford Gallery which will involve the investment of some €29m in the total re-development of the building.

As part of this overall plan, Grafton Architects have now been selected as the principal design consultants following a two-stage procurement process. They will be responsible

for providing all construction-related technical advice and design services to the Crawford Art Gallery and the OPW in respect of the Project.

Speaking today, the Taoiseach Micheál Martin said:

“I am delighted to join you here today at the official announcement of Grafton Architects as the principal design consultants for the Crawford Art Gallery Redevelopment Project. This is a big public investment by the State in Cork City - which supports Cork’s regeneration into being a forward thinking European Cultural City. It is an extraordinary opportunity to reimagine the Crawford Art Gallery’s potential and create a vibrant new space for art and the public to meet in the heart of the city.

Grafton Architects are an internationally renowned architecture firm with projects spanning from Milford to Milan, and from Lima to London, and I have no doubt that they will bring their experience and skills to bear in interpreting and developing the unique characteristics of the Crawford Art Gallery.”

Minister Catherine Martin said:

“It gives me great pleasure to be here in Cork to announce the awarding of the contract for the next stage in the exciting Crawford Art Gallery redevelopment project to Grafton Architects. I am very pleased that work is progressing so well on this ambitious project.

I would like to thank the Chair and Director and team in the Crawford for their commitment to the redevelopment project and in continuing to deliver a wonderful artistic programme, both here in the Gallery and on-line that is so important for the wellbeing of our citizens, especially during these difficult times.

This has been a very challenging time for artists and I was very pleased to put in place last year an Art Acquisition fund which resulted in the purchase of 422 artworks by 70 artists working in Ireland for the national collection. This scheme has been a huge success and provided vital support to our artists while at the same time enhancing the national collection. It is inspirational to see some of the works purchased under the scheme on display here today.”

Minister of State with responsibility for the Office of Public Works, Mr. Patrick O’Donovan, T.D., said:

“The Office of Public Works has a long history of working with the Crawford Art Gallery and has over the past four years, in particular, been proud to provide the expertise of its Conservation Services to progress the Gallery’s renovation and to facilitate the appointment of the Design Team announced today. With the transfer of ownership of the Crawford Art Gallery to the OPW concluded at the beginning of the month, I very much look forward to our continued close collaboration and to seeing this ambitious project through to completion.”

Speaking on behalf of the Board and staff, Rose McHugh, Chair of the Crawford Art Gallery, welcomed the appointment of Grafton Architects as lead Designers for this major redevelopment of the Crawford.

Rose McHugh said:

"We are delighted to have Grafton Architects leading the interdisciplinary design team, and we look forward to working with a practice that demonstrates creative vision together with a strong collaborative ethos.

Our progress in this project to date has been based on collaboration. We have strong and productive support from the Office of Public Works (OPW) and from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. We are also grateful to Fáilte Ireland for their support and for their recognition of the Crawford as a significant attraction, and to Cork City Council for their continued support.

Now, we look forward to collaborating with the Grafton team. With their support in this redevelopment, we will ensure that the Crawford can continue to be a place of opportunity for artists and all those interested in art, education, architecture and civic discourse. This next phase of development of the Crawford Art Gallery is a once-in-a-century opportunity to enhance the architectural and artistic life of our city and region, and we look forward to the journey."

Grafton Architects noted:

"The Grafton Architects Team is honoured to have been chosen, and is looking forward to working with all those involved, to engage with the wonderful and ambitious plans for the present and future of Crawford Art Gallery.

We see the project as a unique opportunity for this highly regarded National cultural institution to consolidate its status as a highly treasured national, international and local institution."

Grafton Architects

Grafton Architects is an award winning international architecture studio based in Dublin. From this base, the practice has completed many significant and prestigious buildings in Ireland and internationally. Recent projects include the completed university building in Toulouse, France, the new city library on Parnell Square in Dublin and the headquarters building for the ESB on Fitzwilliam Street in Dublin's Georgian core.

As principal design consultants, Grafton Architects will be responsible for providing all construction-related technical advice and design services to the Crawford Art Gallery and the OPW in respect of the Project.

ENDS

Press and Information Office

Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Tel: 087 6737338 / 087 7374427

Email: press.office@tcagsm.gov.ie

Website: www.gov.ie/dtcagsm

Twitter: <https://twitter.com/DeptCultureIRL>

Facebook: <https://www.facebook.com/DepartmentofCultureIRL>

Instagram: <https://www.instagram.com/tourism.culture.gaeltacht/>

LinkedIn: <https://www.linkedin.com/company/departmentofcultureirl>

To unsubscribe from these emails, please click [HERE](#).

Note for Editors

Provision issuing images of event, email: imagedesk@provision.ie

Grafton Architects

<https://www.graftonarchitects.ie/Contact>

- Grafton Architects is an award winning international architecture studio based in Dublin. From this base, the practice has completed many significant and prestigious buildings in Ireland and internationally. Recent projects have included the completed university building in Toulouse, France, the new city library on Parnell Square in Dublin and the headquarters building for the ESB on Fitzwilliam Street in the city's Georgian core.
- In 2018 Grafton was responsible for curating the 16th International Architecture Exhibition at the Venice Biennale.
- Grafton Architects will be responsible for providing all construction-related technical advice and design services to the Crawford Art Gallery and the OPW in respect of the Project.

Crawford Art Gallery

<https://crawfordartgallery.ie/>

Upcoming Exhibitions

NEW THREADS: Acquisitions 2021

24 July – 5 September

New Threads showcases more than 20 artworks that have recently come into public ownership, made possible through major acquisitions funding from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

In total, 225 artworks by 39 contemporary artists have been added to Crawford Art Gallery's collection in recent months, ranging from paintings, photographs, prints, and drawings, to sculptures, installations, digital film and sound works, textile and embroideries.

Rembrandt in Print
17 September 2021 - 9 January 2022

Rembrandt in Print presents 50 of the finest works from the Ashmolean's world-class collection of over 200 etchings and drypoints by Rembrandt van Rijn (1606-1669).

Widely hailed as the greatest painter of the Dutch Golden Age, Rembrandt was also one of the most innovative and experimental printmakers of the seventeenth century. This touring exhibition will present Rembrandt as an unrivalled storyteller through a selection of fifty outstanding prints ranging from 1630 until the late 1650s. These works demonstrate Rembrandt's inventive techniques and extraordinary skills. They are displayed together for the first time.

Brian Maguire: REMAINS
17 September – 9 January 2022

In 2019, Brian Maguire visited Dr Greg Hess, Chief Medical Examiner for Pima County, Tucson, Arizona. Dr Hess gave the artist access to some thousand visual records of migrant lives lost in the crossing from South and Central America and Mexico, into the United States.

Each discovery of a body in the desert creates a case and digital images. Using a selection from this photographic source, Brian began a new series of paintings, acknowledging the many unidentified victims who undertook this perilous journey.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Dé hAoine, 23 Iúil 2021

**Ailtirí Grafton fógartha mar phríomhchomhairleoirí
dearaidh thionscadal athfhorbartha €29m Ghailearaí
Ealaíne Crawford**

D'fhógair an Taoiseach Micheál Martin T.D. agus an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin T.D. inniu gur bronnadh conradh dearaidh athfhorbairt Ghailearaí Ealaíne Crawford ar Ailtirí Grafton.

Tá foráil sa phlean iomlán d'infheistíocht de thart ar €29m d'athfhorbairt fhoirgneamh an Ghailearaí sna ceithre bliana atá romhainn. Tá an foirgneamh stairiúil seo 200 bliain d'aois anois agus cuimseoidh an athfhorbairt athdhearadh an fhoirgnimh.

Gailearaí Ealaíne Crawford

Is Foras Náisiúnta Cultúir é Gailearaí Ealaíne Crawford, atá suite i gcoilár chathair Chorcaí agus atá tiomnaithe do na hamharcealaíona stairiúla agus comhaimseartha. Tá níos mó ná 3000 saothar sa bhailiúchán, ó phéintéireacht agus dealbhóireacht Éireannach agus Eorpach san ochtú haois déag, go suiteálacha comhaimseartha fiseáin. Tugann 260,000 duine cuairt ar an nGailearaí gach bliain.

Tá Gailearaí Ealaíne Crawford suite i bhfoirgneamh atá tábhachtach go stairiúil, a dtéann codanna de siar go dtí go luath san ochtú haois déag. Tá feabhas suntasach ag teastáil ón bhfoirgneamh chun freastal ar éilimh an Fhorais Náisiúnta Cultúir a bhíonn ag síorathrú.

Tionscadal Éire 2040

Trí Thionscadal Éire 2040, infheisteoidh an Rialtas €460 milliún i bhForais Náisiúnta Cultúir na hÉireann chun a gcuid áiseanna a athdhearadh agus a nuachóiriú maidir le heispéireas na gcuairteoirí agus stóráil na mbailiúchán náisiúnta.

I mí Mheán Fómhair 2020, cheadaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin T.D. an plean gnó do Ghailearaí Crawford ina mbeidh infheistíocht de thart ar €29m d'athfhorbairt iomlán an fhoirgnimh.

Mar chuid den phlean foriomlán seo, roghnaíodh Ailtirí Grafton mar phríomhchomhairleoirí dearaidh tar éis próiseas soláthair ina raibh dhá chéim. Beidh siad freagrach as an gcomhairle theicniúil a bhaineann le tógáil agus na seirbhísí dearaidh go léir a sholáthar i leith an Tionscadail do Ghailearaí Ealaíne Crawford agus d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

Ag labhairt inniu, dúirt an Taoiseach Micheál Martin:

“Tá an-áthas orm a bheith in bhur dteannta anseo inniu ag fógra oifigiúil Ailtirí Grafton mar phríomhchomhairleoirí dearaidh Thionscadal Athfhorbartha Ghailearaí Ealaíne Crawford. Is infheistíocht mhór phoiblí í seo ag an Stát i gCathair Chorcaí - a thacaíonn le hathghiniúint Chorcaí mar Chathair Chultúrtha de chuid na hEorpa atá ag smaoineamh chun tosaigh. Is deis iontach í chun cumas Ghailearaí Ealaíne Crawford a athshamlú agus spás beoga nua a chruthú do theacht le chéile na healaíne agus an phobail i gcoilár na cathrach.

Tá cáil idirnáisiúnta ar Ailtirí Grafton agus tionscadail déanta acu ó Bhaile na nGallóglach go Milan, agus ó Lima go Londain, agus níl aon amhras orm ach go mbainfidh siad úsáid as a dtaithí agus a scileanna chun tréithe speisialta Ghailearaí Ealaíne Crawford a léiriú agus a fhorbairt.”

Dúirt an tAire Martin:

“Is cúis mhór áthais dom a bheith anseo i gCorcaigh chun Ailtirí Grafton a fhógairt mar shealbhóirí conartha don chéad chéim eile i dtionscadal spreagúil athfhorbartha Ghailearaí Ealaíne Crawford. Táim an-sásta go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh san obair ar an tionscadal uailmhianach seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, leis an Stiúrthóir agus le foireann an Ghailearaí as a dtiomantas don tionscadal athfhorbartha agus as leanúint le clár iontach ealaíne a sheachadadh, anseo sa Ghailearaí agus ar líne. Tá an clár seo thar a bheith tábhachtach do leas ár gcuid saoránach, go háirithe le linn an tréimhse dhúshlánach seo.

Ba thréimhse an-deacair í seo d’ealaíontóirí agus ba chúis áthais dom Ciste Fála Ealaíne a chur ar bun anuraidh agus mar thoradh air sin ceannaíodh 422 saothar ealaíne le 70 ealaíontóir in Éirinn don bhailiúchán náisiúnta. D’éirigh go hiontach leis an scéim seo, thug sí tacaíocht ríthábhachtach dár gcuid ealaíontóirí agus chuir sí feabhas ar an mbailiúchán náisiúnta chomh maith. Is mór an t-ardú croí é cuid de na saothair a ceannaíodh faoin scéim a fheiceáil anseo inniu.”

Dúirt an tAire Stáit atá freagrach as Oifig na nOibreacha Poiblí, an tUasal Patrick O’Donovan, T.D:

“Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag obair le Gailearaí Ealaíne Crawford le fada an lá agus tá an Oifig an-bhródúil go deo as saineolas a Seirbhísí Caomhnaithe a sholáthar le ceithre bliana anuas chun athchóiriú an Ghailearaí a chur chun cinn agus chun ceapadh an Fhoireann Dearaidh a fógraíodh inniu a éascú. Cuireadh aistriú úinéireacht Ghailearaí Ealaíne Crawford chuig Oifig na nOibreacha Poiblí i gcrích ag tús na míosa, agus táim ag tnúth go mór lenár ndlúthchomhar leanúnach agus an tionscadal uailmhianach seo a chur i gcrích.”

Ag labhairt thar ceann an Bhoird agus na foirne, chuir Rose McHugh, Cathaoirleach Ghailearaí Ealaíne Crawford, fáilte roimh cheapadh Ailtirí Grafton mar Phríomh-Dhearthóirí don athfhorbairt mhór seo ar Ghailearaí Ealaíne Crawford.

Dúirt Rose McHugh:

“Tá an-áthas orainn go mbeidh Ailtirí Grafton i gceannas ar an bhfoireann idirdhisciplíneach dearaidh, agus táimid ag tnúth lena bheith ag obair le cleachtas a léiríonn fíis chruthaitheach mar aon le héiteas láidir comhoibritheach.

Is ar chomhoibriú atá ár ndul chun cinn go dtí seo sa tionscadal bunaithe. Tá tacaíocht láidir agus táirgiúil againn ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Táimid buíoch freisin d’Fháilte Éireann as a dtacaíocht agus as Gealairí Ealaíne Crawford a aithint mar áit a mheallann a lán cuairteoirí, agus de Chomhairle Cathrach Chorcaí as a dtacaíocht leanúnach.

Táimid ag tnúth lena bheith ag comhoibriú le foireann Grafton anois. Leis an tacaíocht a thabharfaidh siad don athfhorbairt seo, cinnteoidimid gur féidir leis an Crawford leanúint le deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus dóibh siúd go léir a bhfuil suim acu san ealaín, san oideachas, san ailtireacht agus sa dioscúrsa poiblí. Ní tharlaíonn deis cosúil leis an gcéad chéim eile d'fhorbairt Ghailearaí Ealaíne Crawford chun saol ailtireachta agus ealaíne ár gcathair agus ár réigiúin a fheabhsú ach uair amháin gach céad bliain, agus táimid ag tnúth leis an aistear."

Dúirt Ailtirí Grafton:

"Is mór an onóir d'fhoireann Ailtirí Grafton gur roghnaíodh iad, agus tá siad ag tnúth lena bheith ag obair le gach duine a bheidh bainteach leis chun na pleananna iontacha uaimhianacha do Ghailearaí Ealaíne Crawford faoi láthair agus don todhchaí a chur i bhfeidhm. Feicimid gur deis speisialta í an tionscadal don Fhoras Náisiúnta Cultúir seo chun a stádas mar institiúid náisiúnta, idirnáisiúnta agus áitiúil a bhfuil ardmheas uirthi a chomhdhlúthú."

Ailtirí Grafton

Tá go leor duaiseanna buaite ag an stiúideo ailtireachta idirnáisiúnta atá ag Ailtirí Grafton i mBaile Átha Cliath. Ón ionad seo, chuir an cleachtas go leor foirgneamh suntasach agus mór le rá i gcrích in Éirinn agus ar fud an domhain. Tá an foirgneamh ollscoile i Toulouse na Fraince, an leabharlann chathrach nua ar Chearnóg Parnell i mBaile Átha Cliath agus ceanncheathrú BSL ar Shráid Fitzwilliam i gcoilár Seoirseach Bhaile Átha Cliath i measc na dtionscadal a rinne Ailtirí Grafton le déanaí.

Mar phríomhchomairleoirí dearaidh, beidh Ailtirí Grafton freagrach as an gcomhairle theicniúil a bhaineann le tógáil agus na seirbhísí dearaidh go léir a sholáthar i leith an Tionscadail do Ghailearaí Ealaíne Crawford agus d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

CRÍOCH

An Oifig Preasa agus Eolais

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Teil: 087 6737338 / 087 7374427

Ríomhphost: press.office@tcagsm.gov.ie

Láithreán Gréasáin: [An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán](#)

Twitter: [@DeptCultureIrl](#)

Instagram: [Tourism.Culture.Gaeltacht](#)

Facebook: [An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán](#)

Chun d'ainm a bhaint de liosta na ríomhphost, cliceáil [ANSEO](#).

Nótaí d'Eagarthóirí

Ailtirí Grafton

<https://www.graftonarchitects.ie/Contact>

- Tá go leor duaiseanna buaite ag an stiúideo ailtireachta idirnáisiúnta atá ag Ailtirí Grafton i mBaile Átha Cliath. Ón ionad seo, chuir an cleachtas go leor foirgneamh suntasach agus mór le rá i gcrích in Éirinn agus ar fud an domhain. Tá an foirgneamh ollscoile i Toulouse na Fraince, an leabharlann chathrach nua ar Chearnóg Parnell i mBaile Átha Cliath agus ceanncheathrú BSL ar Shráid Fitzwilliam i gcoilár Seirseach Bhaile Átha Cliath i measc na dtionscadal a rinne Ailtirí Grafton le déanaí.
- In 2018 bhí Ailtirí Grafton freagrach as an 16ú Taispeántas Ailtireachta Idirnáisiúnta ag Biennale na Veinéise a dhearadh.
- Beidh siad freagrach as an gcomhairle theicniúil a bhaineann le tógáil agus na seirbhísí dearaidh go léir a sholáthar i leith an Tionscadail do Ghailearaí Ealaíne Crawford agus d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

Gailearaí Ealaíne Crawford

<https://crawfordartgallery.ie/>

Taispeántais a bheidh ar siúl go luath

NEW THREADS: Saothair a fuarthas in 2021

24 Iúil – 5 Meán Fómhair

Taispeánann *New Threads* níos mó ná 20 saothar ealaíne a tháinig faoi úinéireacht phoiblí le déanaí mar gheall ar mhaoiniú mór a sholáthair an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán chun saothair a cheannach.

San iomlán, cuireadh 225 saothar ealaíne le 39 ealaíontóir comhaimseartha le bailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford le míonna beaga anuas: pictiúir, grianghraif, priontaí, líníochtaí, deilbh, suiteálacha, scannáin dhigiteacha, saothair fuaime, teicstíle agus bróidnéireacht san áireamh.

Rembrandt in Print

17 Meán Fómhair 2021 - 9 Eanáir 2022

Cuireann *Rembrandt in Print* 50 ceann de na saothair is fearr ó bhailiúchán iontach Ashmolean i láthair ina bhfuil níos mó ná 200 eitseáil agus turbhior le Rembrandt van Rijn (1606-1669).

An péintéir is mó i Ré Órga na hÍsiltíre ab ea é Rembrandt agus bhí sé ar cheann de na déantúsóirí priontaí is nuálaí agus is turgnamhaí sa seachtú haois déag. Cuirfidh an taispeántas camchuarite seo Rembrandt i láthair mar scéalaí gan sárú trí chaoga prionta sármhaith ón tréimhse idir 1630 agus deireadh na 1650idí. Léiríonn na saothair seo teicnící airgtheacha agus scileanna iontacha Rembrandt. Taispeánfar iad le chéile den chéad uair.

Brian Maguire: REMAINS

17 Meán Fómhair – 9 Eanáir 2022

In 2019, thug Brian Maguire cuairt ar an Dr Greg Hess, Príomh-Scrúdaitheoir Leighis do Chontae Pima, Tucson, Arizona. Thug an Dr Hess rochtain don ealaíontóir ar na mílte taifead amhairc de shaol na n-imirceach a cailleadh ar an turas ó Mheiriceá Theas agus Láir agus Meicsiceo, go dtí na Stáit Aontaithe.

Chruthaigh gach corp a aimsíodh san fhásach cás agus íomhánna digiteacha. Ag baint úsáide as roinnt de na grianghraif seo, chuir Brian tús le sraith nua péintéireachta, ag tabhairt aitheantais don iliomad íospartach neamhaitheanta a rinne an turas contúirteach seo.